Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9706/19**

**COMPET 433**
**IND 185**
**MI 476**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9263/19 COMPET 398 IND 173 MI 434 |
| Ábhar: | Straitéis Beartais Tionsclaíochta de chuid an Aontais: Fís do 2030 - Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 27/05/2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Beartais Tionsclaíochta de chuid an Aontais: Fís do 2030, a ghlac an Chomhairle ag an 3694ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 27 Bealtaine 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE STRAITÉIS BEARTAIS TIONSCLAÍOCHTA DE CHUID AN AONTAIS: FÍS DO 2030

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

- na Conclúidí ó Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta 2019[1], inar iarradh ar an gCoimisiún fís fhadtéarmach a thíolacadh, faoi dheireadh na bliana 2019, do thodhchaí thionsclaíochta an Aontais chomh maith le bearta nithiúla lena cur chun feidhme;
- na Conclúidí ó Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta 2018[2], inar cuireadh i bhfios go láidir nach mór don Aontas beartas stóinseach tionsclaíochta a bheith aige;
- na conclúidí ó Chomhairle mhí na Bealtaine 2017 maidir le "Straitéis Beartais Tionsclaíochta de chuid an Aontais don Todhchaí"[3], na conclúidí ó Chomhairle mhí na Samhna 2017 maidir le "Straitéis Athnuaite de chuid an Aontais dá Bheartas Tionsclaíochta"[4], na conclúidí ó Chomhairle mhí an Mhárta 2018 maidir le "Straitéis Beartais Tionsclaíochta an Aontais i ndáil le hIomaíochas, Fás agus Nuálaíocht"[5], agus na conclúidí ó Chomhairle mhí na Samhna 2018 maidir le "Straitéis Beartais Tionsclaíochta an Aontais don Todhchaí"[6] ar leagadh béim iontu uilig ar an ngá atá le straitéis chuimsitheach fhadtéarmach do bheartas tionsclaíochta an Aontais;
- na conclúidí ó Chomhairle mhí Feabhra 2019 maidir leis an bPlean Comhordaithe um Fhorbairt agus Úsáid na hIntleachta Saorga Arna Déanamh san Eoraip[7];

---

1 EUCO 1/19, míreanna 2 agus 3.
2 EUCO 1/18, mír 1.
3 9760/17.
4 15223/17.
5 7037/18.
6 14832/18.
7 6331/19.

– na conclúidí ó Chomhairle mhí an Mhárta 2018 maidir le Cearta Maoine Intleachtúla a fhorfheidhmiú[8];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún, Meán Fómhair 2017, dar teideal *Investing in a smart, innovative and sustainable industry: A renewed EU Industrial Policy Strategy*[Infheistiú i dTionscal cliste nuálaíoch inbhuanaithe AE: straitéis beartais tionscail nuashonraithe de chuid AE.][9];

– gur cheart an méid atá i gComhaontú Pháras a chomhlíonadh,

1. CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá ról na hearnála tionscail agus na seirbhísí lena mbaineann chun borradh a chur faoi fhás inbhuanaithe, fostaíocht agus forbairt eacnamaíoch san Eoraip; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an rannchuidiú tábhachtach a thugann an tionscal do rath réigiúin, shochaithe agus shaoránaigh an Aontais trí luach a chruthú ar bhealach freagrach, an nuálaíocht a chur chun cinn, rannchuidiú le spriocanna beartais maidir leis an gcomhshaol agus an aeráid, agus cobhsaíocht á soláthair, comhtháthú agus cuimsiú sóisialta á n-áirithiú agus cóineasú eacnamaíoch á atreisiú aige; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur iarr an Chomhairle Eorpach go mbeadh bonn láidir eacnamaíoch ann atá thar a bheith tábhachtach do rathúnas agus d'iomaíochas na hEorpa, agus don ról atá ag an Eoraip os comhair an domhain mhóir, ar bonn é ar cheart a bhaint amach le cur chuige comhtháite a thabharfadh aghaidh ar na dúshláin dhomhanda, theicneolaíocha, slándála agus inbhuanaitheachta atá ann agus atá ag teacht chun cinn agus a nascfadh na beartais agus gnéithe ábhartha go léir: an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ar cheart a dhoimhniú; an Margadh Aonair gona ghnéithe go léir, mar bhunchloch d'fhás an Aontais; beartas teanntásach tionsclaíochta a chuirfidh ar chumas an Aontais leanúint de bheith ina chumhacht tionsclaíochta; beartas réamhbhreathnaitheach digiteach, a bheidh oiriúnach do ré an chlaochlaithe dhigitigh agus do theacht chun cinn an gheilleagair sonraí; agus beartas uaillmhianach stóinseach trádála a áiritheoidh iomaíocht chóir, cómhalartacht agus sochair fhrithpháirteacha; ba cheart aird chuí a thabhairt ar thimpeallacht ghnó fheabhsaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar fhorbairt scileanna agus ar an ngné shóisialta; IARRANN SÍ go ndéanfaí forbairt láidir inbhuanaithe thionsclaíoch agus go neartófaí tuilleadh an bonn tionsclaíoch san Eoraip;

[8] 6681/18.
[9] 12202/17.

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dúshláin roimh earnáil tionscail an Aontais, ar dúshláin iad atá ag dul i méid agus a eascraíonn as na forbairtí is déanaí sa chomhthéacs domhanda, lena n-áirítear iomaíochas atá ag fás sna margaí domhanda, neamhchinnteacht atá ag méadú sa trádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear roinnt bearta cosantacha trádála agus straitéisí tionscail fhorleathana de chuid tríú tíortha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé beartais agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát a shlógadh, na prionsabail rialála is fearr a chur i bhfeidhm agus leanúint den obair ar thimpeallacht rialála a chothú lena spreagfaí fás agus nuálaíocht agus iomaíocht chóir a áirithiú laistigh den Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain, chun tomhaltóirí a chosaint agus chun fás eacnamaíoch agus iomaíochas a chothú, agus leanúint dár gcreatchlár Eorpach um iomaíochas a nuashonrú de réir na bhforbairtí nua sa teicneolaíocht agus sa mhargadh domhanda; CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le hiomaíochas earnáil tionscail an Aontais a neartú agus comhtháthú an Mhargaidh Aonair a chur ar aghaidh ionas go mbeidh earnáil tionscail an Aontais in ann a bheith iomaíoch ar leibhéal domhanda ina bhfuil cothrom na Féinne, trí na huirlisí ábhartha uile a úsáid; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart aghaidh cheart a thabhairt ar chomhlíonadh na bprionsabal rialaithe státchabhrach ag dlínsí tríú páirtithe agus gur cheart é a fheabhsú, trí na rialacha agus na prionsabail sin atá i gcomhaontuithe tiomnaithe iomaíochais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile, amhail comhaontuithe trádála, a chomhaontú nó a nuashonrú;

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá an tAontas do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha agus a bhfuil an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) ina chroílár, do leabhar rialacha EDT maidir le fóirdheontais thionsclaíocha, maoin intleachtúil agus aistrithe éigeantacha teicneolaíochta a nuachóiriú, agus do gach cineál caomhnaitheachta agus saofa ar chothrom na Féinne a sheasamh; ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag éileamh clár oibre uaillmhianach cothrom don trádáil trí athchóiriú ar EDT agus trí chomhaontuithe saorthrádála a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú, agus luachanna agus caighdeáin an Aontais á gcur chun cinn agus é á áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ag cách;

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na hiarrataí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle, le tacaíocht ó earnáil tionscail na hEorpa, go mbeadh straitéis chuimsitheach fhadtéarmach ann do bheartas tionscail an Aontais a mbeadh fís shoiléir do 2030 ag baint léi, lena gcuirfí béim ar na deiseanna agus lena dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin atá roimh earnáil tionscail an Aontais, ina ndéanfaí trácht ar na réimsí beartais ábhartha uile, agus a mbeadh plean gníomhaíochta sonrach ag gabháil léi lena n-áirítear bearta nithiúla agus spriocdháta i gcomhair sásraí cur chun feidhme agus faireacháin, agus lena gcuirtear san áireamh, i gcás inar féidir, an creat táscairí i ndáil le hiomaíochas tionsclaíoch[10]; ba cheart don straitéis sin a bheith ina príomhthosaíocht don chéad chlár oibre straitéiseach eile de chuid an chéad Choimisiúin eile agus ba cheart é a chur ag tús thimthriall institiúideach nua an Aontais; MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choimisiún an straitéis sin a ullmhú, ar cheart spriocanna agus táscairí beartais a bheith san áireamh inti, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí uile lena n-áirítear trí thionscnaimh atá ann cheana a fhorbairt; sa bhreis air sin, IARRANN SÍ go measfaí an straitéis thionsclaíochta a chomhlánú nó a nuashonrú, i gcás inar gá, trí ghníomhaíochtaí, tionscnaimh nó tuarascálacha earnálacha spriocdhírithe chun a oiriúnú do na forbairtí agus na dúshláin teicneolaíochta intuartha is déanaí agus a bheidh ann amach anseo; TÁ SÍ AG SÚIL leis an tuarascáil deiridh ón ngrúpa comhchéime ardleibhéil dá ngairtear "Industry 2030";

5. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le nasc níos láidre idir an beartas tionsclaíoch, beartas an Mhargaidh Aonair, an beartas taighde agus nuálaíochta, agus an beartas digitithe agus comhshaoil; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go soláthraítear, le Margadh Aonair atá láidir agus ag feidhmiú go maith, lena n-áirítear seirbhísí, agus atá ríthábhachtach d'earnáil tionscail na hEorpa, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí beaga meánchaipitilithe, na creatchoinníollacha a bhfuil gá leo chun leas a bhaint as na sochair agus na deiseanna a bhaineann leis; CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le gnóthaí na hEorpa méadú agus a bheith iomaíoch ar bhonn rathúil sna margaí domhanda le Margadh Aonair láidir; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach cuí, tráthúil, trédhearcach agus éifeachtach i ngach Ballstát, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí gealltanais agus cuspóirí nithiúla chun na hualaigh rialála agus neamhrialála nach bhfuil gá leo agus na bacainní teicniúla agus neamhtheicniúla uile atá fágtha sa Mhargadh Aonair a chosc agus a bhaint;

---

10 11244/18, mar a d'fhorbair an Mheitheal Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fás é.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá luachshlabhraí láidre tionsclaíocha na hEorpa i gcomhthéacs domhanda chun an t-iomaíochas tionsclaíoch agus an uathriail straitéiseach a fheabhsú, chun an t-athrú aeráide a chomhrac, chun an éifeachtúlacht acmhainní, slándáil an tsoláthair lena n-áirítear amhábhair phríomha agus thánaisteacha, an fhorbairt theicneolaíoch agus an t-aistriú teicneolaíochta a fheabhsú agus chun leas a bhaint as torthaí taighde, an nuálaíocht, an cistiú inbhuanaithe agus an infheistíocht, lena ndírítear ar cheannaireacht thionsclaíoch Eorpach ar fud an domhain i bpríomhréimsí an gheilleagair, amhail na hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá na margaí a chomhtháthú tuilleadh agus na hearnálacha seirbhíse ábhartha a neartú, toisc go bhfuil na luachshlabhraí tionscail ag brath go mór orthu;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tionscadail chomhtháite thionsclaíocha uile-Eorpacha a fhorbairt ina mbeadh gach Ballstát leasmhar rannpháirteach, agus é mar aidhm ag na tionscadail sin a chur ar chumas earnáil tionscail an Aontais aghaidh a thabhairt ar an iomaíochas idirnáisiúnta atá ag dul i méid agus gníomhaíochtaí breisluacha ardleibhéil monaraíochta a fhorbairt tuilleadh agus a choinneáil san Eoraip, amhail i réimse na micrileictreonaice; MEASANN SÍ gur tionscnamh a bhfuil gealladh faoi é Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais chun luachshlabhra monaraíochta iomaíoch a chothú do cheallraí san Eoraip i réimse tosaíochta;

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur ceann de na huirlisí ábhartha chun tacú le luachshlabhraí straitéiseacha ar leibhéal an Aontais iad na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne ; TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus díol spéise di an obair a rinne an Fóram Straitéiseach do thionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne chun sé phríomh-luachshlabhra straitéiseacha breise a aithint d'infheistíochtaí agus do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha nó comhordaithe sna réimsí: feithiclí nasctha, uathoibrithe agus leictreacha, an tsláinte chliste, na tionscail ísealcharbóin, na teicneolaíochtaí agus córais hidrigine, idirlíon tionsclaíoch na rudaí nithiúla, agus an chibearshlándáil, sa bhreis ar an obair leantach a dhéantar ar mhicrileictreonaic, ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus ar cheallraí; FANANN SÍ leis na moltaí ar ghníomhaíocht ón bhFóram Straitéiseach don dlúthchomhar sna réimsí sin agus i réimsí eile leasa i dtaobh straitéis na hEorpa, agus díol spéise di iad;

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí sa taighde, sa nuálaíocht, lena n-áirítear an nuálaíocht shuaiteach, sa digiteáil, sna mórshonraí, san intleacht shaorga, sna teicneolaíochta glaine, sa gheilleagar ciorclach agus i samhlacha eacnamaíocha inbhuanaithe eile a chur chun cinn tuilleadh chun bonn tionsclaíoch an Aontais atá láidir agus iomaíoch a fhorbairt agus a chomhdhlúthú tuilleadh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé teacht le chéile ar leibhéal na hEorpa agus a thábhachtaí atá an tacaíocht a bhfaighfear ó chláir an Aontais faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile; IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndíríonn an Seimeastar Eorpach ar an infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht a neartú agus MOLANN SÍ do na Ballstáit iarrachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a dhreasú chun na gcríoch sin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tacaíocht a bhíonn ann mar thoradh ar an mbeartas comhtháthaithe ó thaobh infheistíochtaí san iomaíochas tionsclaíoch agus san aistriú tionsclaíoch a shlógadh, agus straitéisí speisialaithe cliste á gcur san áireamh freisin;

10. AITHNÍONN SÍ go bhfuil córas do chearta maoine intleachtúla , a fheidhmíonn go maith agus atá éifeachtach, ríthábhachtach don fhorbairt agus fás leanúnach; MEABHRAÍTEAR DI a ríthábhachtaí atá sé go leanfaí de chreataí Eorpacha maidir le maoin intleachtúil a fhorbairt, a fheabhsú agus a nuashonrú, chun a áirithiú gur féidir smaointí agus aireagáin a fhorbairt ar bhealach éifeachtach agus a thabhairt chun an mhargaidh, go háirithe do FBManna agus acusan, chun leas gheilleagar na hEorpa agus na sochaí i gcoitinne; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil dul chun cinn foisteanach déanta ar an bpaitinn Eorpach a bhfuil éifeacht aonadach léi agus ar Chúirt Aontaithe na bPaitinní a chruthú, agus go bhfuiltear ag súil leis go meallfar agus go gcoinneofar nuálaíocht, tallann agus infheistíocht le seoladh chóras na bPaitinní Aonadacha;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS an rannchuidiú suntasach a bhíonn ag clár Fís Eorpach ó thaobh tacaíocht a thabhairt don iomaíochas tionsclaíoch agus na dúshláin domhanda a fhreagairt, go háirithe trí theicneolaíochtaí, próisis agus samhlacha gnó tionsclaíocha a fhorbairt; IS DÍOL SÁSAIMH DI seoladh scéime píolótaí feabhsaithe don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (EIC) a bhfuil ról tábhachtach aici ó thaobh raon iomlán tacaíochtaí nuálaíochta a sholáthar lena n-áirítear sásraí cumaiscthe, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, agus TÁ SÍ AG SÚIL le EIC nua a chur chun feidhme buanaithe ar an scéim phíolótach fheabhsaithe sin; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé líonraí an Aontais de bhonneagair nuálaíochta oscailte a fhorbairt tuilleadh agus tacú leo chun glacadh teicneolaíochtaí nua sa mhargadh a luasghéarú i gcomhair córais tairgthe tionsclaíocha atá i bhfad chun tosaigh;

12. IARRANN SÍ go dtabharfar tuilleadh tacaíochta do chur chun feidhme na straitéise um earnáil tionscail na hEorpa a dhigitiú agus um an intleacht shaorga , go háirithe trí líonra Eorpach de Mhoil Nuálaíochta Digití a chuidíonn ach go háirithe le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, FBManna agus cuideachtaí beaga meánchaipitlithe agus an claochlú digiteach ar bun acu, agus leis sin is féidir leo "tástáil roimh infheistiú" a dhéanamh, infheistíochtaí, deiseanna meantóireachta agus oiliúna a aimsiú agus a bheith mar chuid d'éiceachóras nuálaíochta ina bhfuil deiseanna leathana líonraithe; CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá na cláir faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile amhail an Clár don Eoraip Digiteach ó thaobh tacaíocht a thabhairt don chlaochlú tionsclaíochta leanúnach agus forbairt acmhainneachta agus a feidhmiú a neartú i réimsí atá ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa sa ré digiteach, amhail an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an intleacht shaorga, an chibearshlándáil, ardscileanna digiteacha agus digiteáil na hearnála poiblí agus príobháideach;

13. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht chun cur le díorma tréitheach na hEorpa agus chun a áirithiú go mbeidh na scileanna ar fáil ar gá leo chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a neartú i bhfianaise an chlaochlaithe thionsclaíochta leanúnaigh agus i bhfianaise forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus na hintleachta saorga agus MOLANN SÍ GO LÁIDIR go ndéanfaí an oiliúint agus an t-oideachas a chur chun cinn, ar gach leibhéal, i gcás na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, na hardlitearthachta ar ríomhairí, na dteangacha agus na n-ealaíon; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá uasoiliúint agus athoiliúint lucht saothair na hEorpa atá ann cheana lena n-áirítear sna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; MOLANN SÍ an cuimsiú sóisialta agus an comhionannas agus an chothromaíocht inscne a mheas sa phróiseas casta seo;

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Clean Planet for all: A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate-neutral economy* [Plainéad Glan do Chách: fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de][11]; MEASANN SÍ, leis an aistriú i dtreo geilleagair atá ciorclach agus neodrach ó thaobh na haeráide de, aistriú nach mór a bheith cóir agus cothrom ar bhonn sóisialta do chách, go mbeidh dúshláin agus deiseanna araon d'earnáil tionscail agus do ghnóthaí an Aontais chun an barr a bhreith ar iomaitheoirí agus buntáistí iomaíocha a fhorbairt ar an leibhéal domhanda trí nuálaíocht, teicneolaíochtaí nua, táirgí agus seirbhísí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról a bhíonn ag bonn tionsclaíoch láidir an Aontais don aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe, ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá creat rialála tacaíochta de chuid an Aontais atá costéifeachtach, intuartha agus fabhrach don infheistíocht in éineacht le tacaíocht iomchuí airgeadais chun oiriúnú rathúil don aistriú seo a chumasú, trí nuálaíocht agus tionscadail taispeántais, agus ar shlite eile; MOLANN SÍ don earnáil tionscail tionscadail a thabhairt chun cinn chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú suntasach atá ar fáil i gCiste an Aontais don Nuálaíocht chun teicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin nuálacha a fhorbairt i dtionscail dianfhuinnimh;

[11] 15011/18.

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI seachadadh iomlán an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach; AONTAÍONN SÍ go mbeidh dúshláin thábhachtacha fós ann ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun luas a chur le haistriú na hEorpa i dtreo ciorclaíochta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir leis an gciorclaíocht rannchuidiú ar bhealach suntasach le feabhas a chur ar athléimneacht, iomaíochas agus bonn tionsclaíoch gheilleagar an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS poitéinseal na dteicneolaíochtaí nua feabhas a chur ar chiorclaíocht an gheilleagair trí shamhlacha inbhuanaithe táirgthe a chur chun cinn bunaithe ar amhábhair phríomha agus thánaisteacha agus ar éifeachtúlacht acmhainní, ina ndéantar táirgí agus ábhair a dhearadh le hathúsáid, le athmhonarú agus le hathchúrsáil, ionas go gcoinnítear sa gheilleagar iad chomh fada agus is féidir; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as poitéinseal an gheilleagair chiorclaigh agus a mbeartas tionsclaíochta agus nuálaíochta á gcur amach acu; CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht thionsclaíoch a bhaineann le Margadh Aonair lánfheidhme, dea-fheidhmiúil agus comhchuibhithe d'amhábhair thánaisteacha agus do tháirgí ciorclacha, chun rómhaorlathas agus bacainní reachtacha i gcás loingsiú inmheánach d'amhábhair thánaisteacha a laghdú, chun leas a bhaint as poitéinseal amhábhar bithbhunaithe, chun an méid a bhraitheann an tAontas ar amhábhair allmhairithe a laghdú, agus leis sin lorg comhshaoil agus carbóin an Aontais a ísliú go mór, agus sláinte an duine agus an comhshaol á gcosaint ag an am céanna;

16. AITHNÍONN SÍ staid earnálacha áirithe, amhail na hearnálacha dian ar fhuinneamh, a ndéantar dochar ar leith dóibh leis an gclaochlú tionsclaíochta leanúnach agus a bhfuil dúshláin agus deiseanna rompu ó thaobh a bheith ag oiriúnú don timpeallacht eacnamaíoch agus rialála atá ag athrú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá margadh Eorpach agus margadh domhanda a chruthú do tháirgí agus seirbhísí astaíochtaí ísle agus gur gá rochtain ar amhábhair a áirithiú, go háirithe ar na hamhábhair ríthábhachtacha agus na hamhábhair thánaisteacha; CUIREANN SÍ I dTREIS poitéinseal na ciorclaíochta chun lorg carbóin na hearnála tionscail a laghdú, lena n-áirítear na tionscail dianfhuinnimh, agus leis sin chuideofaí le spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus sonraíochtaí na mBallstát agus iomaíochas earnáil tionscail na hEorpa á gcur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit riachtanais shonracha na dtionscal dianfhuinnimh a chur san áireamh agus rialacháin, treoirlínte, straitéisí nó pleananna á bhforbairt nó á nuashonrú, in oirchill 2030 agus níos faide ar aghaidh, d'fhonn a n-aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach a éascú agus a n-iomaíochas a choinneáil, go háirithe trí bhearta ciorclaíochta, agus d'fhonn bearta a chur chun cinn chun sceitheadh carbóin a sheachaint; TÁ SÍ AG SÚIL leis an bpríomhphlean don chlaochlú tionsclaíochta do thionscail dianfhuinnimh a fhorbróidh an Grúpa Ardleibhéal ar Thionscail Dianfhuinnimh;

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Harmonised standards: Enhancing transparency and legal certainty for a fully functioning Single Market* [Caighdeáin Chomhchuibhithe: Trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do Mhargadh Aonair lánfheidhmiúil[12] agus MOLANN SÍ do na gníomhaithe uile atá páirteach tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na cuimsitheachta, na deimhneachta dlíthiúla agus na tuarthachta de ionas go mbeifear in ann na caighdeáin chomhchuibhithe agus na buntáistí a bhaineann leo a sholáthar d'fhiontair agus do thomhaltóirí go mear; TACAÍONN SÍ leis an obair a rinneadh faoin Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Caighdeánú chun comhfhís a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas a chur ar chóras caighdeánaithe na hEorpa agus MOLANN SÍ do na geallsealbhóirí uile aird chuí a thabhairt uirthi agus í a chur chun feidhme; Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den obair atá á dhéanamh aige tar éis 2019, go háirithe sna réimsí a leanas: oideachas maidir le caighdeánú, feasacht ar ról an chaighdeánaithe a ardú i measc na n-údarás poiblí agus FBManna, agus caighdeáin a úsáid sa soláthar poiblí; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá ról earnáil tionscail na hEorpa ó thaobh córas caighdeánaithe na hEorpa a spreagadh agus MOLANN SÍ GO LÁIDIR córas caighdeánaithe na hEorpa a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta;

---

12 14657/18.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá táirgiúlacht na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide d'iomaíochas earnáil tionscail an Aontais agus rannchuidiú idirnáisiúnú na FBManna le fás agus IS DÍOL SÁSAIMH DI torthaí an Achta um Ghnólachtaí Beaga ó thaobh an prionsabal "smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús" a chur i bhfeidhm, fiontraíocht a chothú, an timpeallacht rialála a shimpliú, bacainní ar fhorbairt na ngnólachtaí a bhaint agus prionsabail na rialála níos fearr á gcur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do FBManna i ndáil le rochtain ar mhargaí agus luachshlabhraí domhanda, méadú, nuálaíocht agus cistiú, lena n-áirítear trí Chlár an Mhargaidh Aonair, cuid FBManna de Chlár InvestEU, Clár Fhís Eorpach agus ionstraimí EIC; CUIREANN SÍ I dTREIS próiseas leanúnach an chlaochlaithe tionscail, lena n-áirítear digiteáil, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus an intleacht shaorga, agus dá bhí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar mhiste an tAcht um Ghnólachtaí Beaga a nuashonrú agus, i gcás inarb iomchuí, an sainmhíniú ar FBM arna sholáthar i Rialachán 2003/361/CE a nuashonrú freisin, lena gcuirtear forbairtí a rinneadh le déanaí agus dúshláin nua san áireamh, agus lena ndírítear ar chreatchoinníollacha maithe do FBManna, d'fhonn "prionsabal digiteach" nua a chur san áireamh;

19. CUIREANN SÍ I dTREIS a ríthábhachtaí atá braislí chun straitéis tionsclaíochta an Aontais a chur chun feidhme toisc go gcumasaítear leo comhar straitéiseach struchtúrtha feadh luachshlabhraí an Aontais; TACAÍONN SÍ le tionscnaimh Eorpacha maidir le beartais bhraisle mar uirlis thábhachtach chun nuachóiriú tionsclaíoch réigiúnach a chur chun cinn lena dtugtar tacaíocht d'fhás FBManna agus cuideachtaí beaga meánchaipitilithe, lena n-éascaítear rochtain FBManna ar mhargaí domhanda i luachshlabhraí straitéiseacha, lena spreagtar speisialú cliste agus lena neartaítear comhar trasearnála d'fhonn athrú struchtúrtha agus forbairt tionscal atá ag teacht chun cinn a éascú; CUIREANN SÍ I dTREIS poitéinseal Chlár an Mhargaidh Aonair a bheidh ann amach anseo chun borradh a chur faoi nuachóiriú tionsclaíoch trí thionscnaimh chomhpháirteacha braisle mar aon le poitéinseal na hIonstraime nua maidir le hInfheistiú Idir-réigiúnach sa Nuálaíocht a bheartaítear faoin mbeartas comhtháthaithe chun luachshlabhraí an Aontais a fhorbairt;

20. MEABHRAÍTEAR DI an ról cothrománach a tugadh don Chomhairle Iomaíochais maidir le feabhas a chur ar an iomaíochas agus an fás, athbhreithniú a dhéanamh ar na tograí beartais agus reachtacha ábhartha uile, idir cothrománacha agus earnálacha, a measadh gur dócha go mbeadh tionchar acu ar an iomaíochas; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thiomanta atá sí don iomaíochas tionsclaíoch a phríomhshruthú trí gach réimse beartais den Aontas agus do chur chuige comhtháite chun iomaíochas na hEorpa a neartú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart ról ríthábhachtach a bheith ag an gComhairle Iomaíochais, le tacaíocht ón Meitheal Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fás, i dtaobh sainmhíniú agus faireachán straitéiseach a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise fadtéarmaí do bheartas tionsclaíochta an Aontais mar aon le príomhthosaíochtaí eile ó chlár oibre straitéiseach an Aontais a ullmhófar le linn an chéad timthrialla institiúide eile.